# Cleachtadh 1: Prionsabail na Sraithe Sóisearaí

| | |
|---|---|
| **Cáilíocht**<br>Cuirtear eispéireas oideachasúil d"ardchaighdeán ar fáil do gach scoláire, a bheidh léirithe ag ardionchais na bhfoghlaimeoirí agus ag tóraíocht na sármhaitheasa. | **Folláine**<br>Cuidíonn eispéiris na scoláirí go díreach lena bhfolláine agus lena dteacht aniar fisiciúil, meabhrach agus sóisialta. Tarlaíonn an fhoghlaim i dtimpeallacht atá dírithe ar leas comhoibríoch na scoile, an phobail agus na sochaí. |
| **Cruthaitheacht agus nuáil**<br>Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach. | **Rogha agus solúbthacht**<br>Tá clár na scoile sa tsraith shóisearach leathan go leor le réimse d"eispéiris fhoghlama a thairiscint do chách, agus solúbtha go leor le rogha a thairiscint chun freastal ar riachtanais scoláirí. |
| **Caidreamh agus rannpháirtíocht**<br>Spreagann eispéireas an churaclaim, an mheasúnaithe, an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil. | **Oideachas cuimsitheach**<br>Cuimsíonn an t-eispéireas oideachasúil na scoláirí uile agus cuireann sé le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách. |
| **Leanúnachas agus forbairt**<br>Cuireann an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim ar chumas na scoláirí tógáil ar a bhfoghlaim go dtí seo, aithníonn siad an dul chun cinn san fhoghlaim agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim amach anseo. | **Ag foghlaim conas foghlaim**<br>Tacaíonn curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim den scoth le scoláirí chun neamhspleáchas níos mó a bhaint amach san fhoghlaim agus sa dul i ngleic le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil, an bhreisoideachais agus an tsaoil oibre. |

**Conas a chuirimid na Prionsabail i bhfeidhm sa scoil againn féin?**

| **Ardchaighdeán** | **Folláine** |
|---|---|
| **Cruthaitheacht agus Nuáil** | **Rogha agus Solúbthacht** |
| **Caidreamh agus Rannpháirtíocht** | **Oideachas Cuimsitheach** |
| **Leanúnachas agus Forbairt** | **Ag Foghlaim conas Foghlaim** |